North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

# CRUINNIÚ AN FHORAIS TEANGA THUAIDH-THEAS

# OIFIGÍ COMHRÚNAÍOCHTA AN CATT, ARD MHACHA

# 29 BEALTAINE 2024

# COMHRÁITEAS

1. Bhí an t-ochtú cruinniú is fiche an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Oifigí Comhrúnaíochta an CATT, Ard Mhacha ar an 29 Bealtaine 2024. Bhí an tAire Pobal Gordon Lyons CTR, an tAire Sóisearach Aisling Reilly CTR, agus an tAire Stáit a bhfuil freagracht aige as an Ghaeltacht, Spórt agus Corpoideachas, Thomas Byrne TD i láthair. Rinne an tAire Lyons cathaoirleacht ar an chruinniú.

**TUAIRISC AR DHUL CHUN CINN AN FHORAIS TEANGA**

2. Rinne an Chomhairle trácht ar na tuarascálacha ar dhul chun cinn don tréimhse 2020-2023 a fuair siad ón Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin de chuid Ghníomhaireacht na hUltaise agus Fhoras na Gaeilge.

3. Chuir na hAirí fáilte roimh na príomhrudaí atá bainte amach ag an Fhoras Teanga Thuaidh/Theas ó bhí an cruinniú earnála deireanach ann, lena n-áirítear:
   i. Naisc Ultaise a chruthú leis an diaspóra idirnáisiúnta tríd Ghníomhaireacht na hUltaise ag cur fáilte roimh 3,000 duine le hamharc ar an taispeántas faoi Fhorógra na Saoirse ag PRONI ina raibh mórbhileog Dunlap bunaidh;
   ii. 900 deontas a bheith tugtha amach ag Gníomhaireacht na hUltaise le cuidiú le sábháilteacht i dtaca le COVID agus le tionchair na pandéime a ísliú i dtaca le cúrsaí airgeadais;
   iii. Obair leanúnach de chuid Fhoras na Gaeilge, i gcomhpháirt lena gCeanneagraíochtaí, le seirbhísí pleanála teanga a sholáthar sa dá dhlínse, lena n-áirítear Bailte Seirbhíse Gaeltachta, Líonraí Gaeilge agus i gCultúrlanna; agus
   iv. Dul chun cinn nach beag in obair fhoclóireachta agus téarmaíochta, lena n-áirítear an tionscadail nua foclóra de chuid Fhoras na Gaeilge a leainseáil in 2022 a bhfuil sé mar aidhm aige foclóir aonteanga Gaeilge agus foclóir Gaeilge-Béarla nua a fhoilsiú ar líne faoi 2027.

**ÁBHAIR RIALACHAIS CORPARÁIDIGH**

4. D'fhaomh an Chomhairle Pleananna Gnó agus Búiséid/Deontais de chuid an Fhoras Teanga Thuaidh/Theas do na blianta 2022, 2023 agus 2024 a bhí curtha i gcrích ag teacht leis an treoraíocht chomhaontaithe eisithe ag an Roinn Aigeadais (an RA) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe (an RCPPFNA), agus tá siad comhaontaithe ag na Ranna Urraíochta chomh maith leis na hAirí Airgeadais.

5. D'fhaomh Airí na Pleananna Corparáideacha de chuid an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas don tréimhse 2023-2025, atá curtha i gcrích ag cloí le treoraíocht chomhaontaithe eisithe ag an RA agus an RCPPFNA, agus a bhí comhaontaithe ag Ranna Urraíochta chomh maith le hAirí Airgeadais.

6. Rinne an Chomhairle Tuarascáil Chomhdhlúthaithe Bliantúil agus Cuntais don bhliain 2018, 2019, 2020 agus 2021, atá deimhnithe ag na hArd-Reachtairí agus na hArd-Iniúchóirí agus curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Tionól Thuaisceart Éireann. Thagair an CATT go bhfuil an iniúchadh ar chuntais 2022 beagnach curtha i gcrích.

**AG DUL I NGLEIC LE hATHRÚ AERÁIDE AGUS LE CAILLIÚINT NA BITHÉAGSÚLACHTA SAN EARNÁIL TEANGA**

7. Thug an dá áisíneacht de chuid an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas (Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise) go bhfuil dualgas reachtúil orthu i dtaca le hathrú aeráide agus bithéagsúlach mar seirbhíse poiblí.

8. Bhí na hAirí sásta go bhfuil na háisineachtaí oibligeádaí ag tabhairt faoin phróiseas le Slí Gnímh ar son na hAeráide a dhréachtú le spriocanna a bhaint amach sa dá dhlínse agus thug siad faoi deara go leanfaidh an dá áisíneacht leo ag dul i dteagmháil leis na Ranna ábhartha le deiseanna a aithint le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta ó pheirspeictíocht oibríochtúil.

**CUR I LÁTHAIR AG GRÚPAÍ MAOINITHE AG AN FHORAS TEANGA**

9. Fuair an CATT cur i láthair ó Ghael Linn agus ón Líonra Pobal na hUltaise a thaispeáin na príomhrudaí atá bainte amach ag an dá eagraíocht mar thoradh ar bheith ag obair leis na Forais de chuid an Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

10. Chuir an Chomhairle fáilte roimh theagmháil a raibh rath uirthi le scoileanna sa dá dhlínse leis na scéimeanna Gaelbhratach agus Scoil Spreagtha a chuirfidh feabhas ar scileanna teanga sa Ghaeilge agus a chruthóidh deiseanna nádúrtha leis an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh de chomhthéacs foirmeálta an tseomra ranga.

11. Chuir an Chomhairle fáilte roimh ardú feasachta a rinneadh i dtaca le féiniúlacht na hUltaise i measc dhaoine ar bhonn aonarach agus os cionn 100 ghrúpa deonach pobail, lena n-áirítear tacaíocht le polasaí a sholáthar agus cloí le caighdeáin chumhdaigh chomh maith le daoine agus grúpaí a bheith páirteach i ngíomhaíochtaí Ultaise ar bhonn níos leithne trí níos mó ná 30 imeacht chultúrtha a sholáthar sa bhliain 2023.

**DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE:**

12. D'aontaigh an Chomhairle go mbeidh an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga i bhfómhar na bliana 2024.

**An Chomhrúnaíocht**
**29 Bealtaine 2024**

www.northsouthministerialcouncil.org